AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 222 final

Moladh le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Portaingéile**

{SWD(2025) 222 final}

GA GA

Moladh le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Portaingéile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**Breithnithe ginearálta**

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais[2] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Phortaingéil caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 22 Aibreán 2021, chuir an Phortaingéil a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas

---

[2] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

[4] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile[5] a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 10 Deireadh Fómhair 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[6]. Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an bPortaingéil. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar an méid a rinneadh chun na clocha míle agus na spriocanna maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna a bhaint amach.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Portaingéile[7]. Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar thréimhse 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Portaingéile 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Phortaingéil ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[8] an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile (10149/2021).

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile (13351/23).

[7] Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Portaingéile, IO C/2025/641, 10.2.2025.

[8] Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta , agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme . Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir leis an bPortaingéile. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an bPortaingéil ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an bPortaingéil. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Portaingéile ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

**Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn**

(11) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Portaingéile: 5,0 % in 2025, 5,1 % in 2026, 1,2 % in 2027, agus 3,3 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2024, mar atá 17,4 % in 2025, 23,4 % in 2026, 24,8 % in 2027, agus 28,9 % in 2028. An 30 Aibreán 2025, chuir an Phortaingéil a Tuarascáil Bhliantúil ar

Dhul Chun Cinn[9] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Portaingéile i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin. Tar éis iarraidh a fháil ón bPortaingéil an 30 Aibreán 2025, an [dáta], ghlac an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, moladh lena gceadaítear don Phortaingéil imeacht ó uasrátaí fáis glanchaiteachais a mholtar, agus iad a shárú[10].

(13) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat[11], tháinig laghdú ar bharrachas rialtais ghinearálta na Portaingéile ó 1,2 % de OTI in 2023 go 0,7 % in 2024, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 97,7 % de OTI ag deireadh 2023 go 94,9 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 12,0 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025, measann an Phortaingéil gurb é 11,6 % an fás glanchaiteachais in 2024. Measann an Coimisiún go raibh an fás glanchaiteachais níos airde ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Is é is cúis leis an difríocht idir ríomhanna an Choimisiúin agus meastacháin na n-údarás náisiúnta an tionchar laghdaitheach ioncaim níos airde atá ag bearta lánroghnacha ioncaim arna meas ag an gCoimisiún, go háirithe ar bhearta a bhaineann le cáin ioncaim phearsanta. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[12], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí forleathnaitheach faoi 1,6 % de OTI in 2024.

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Portaingéile, tá coinne le fás fíor-OTI 2,4 % in 2025, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 2,4 % ann in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,8 % in 2025 agus faoi 2,2 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,1 % ann in 2025 agus 2,0 % in 2026.

---

9 Tá na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025 le fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga

10 Moladh ón gComhairle lena gceadaítear don Phortaingéil imeacht ón gconair ghlanchaiteachais a moladh agus dul thairsti (Gníomhachtú an chlásail éalaithe náisiúnta), [Líon isteach: IO C/2025/xxx, x.x.2025].

11 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

12 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbarrachas rialtais ghinearálta go 0,3 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le laghdú go 91,5 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 3,4 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh barrachas rialtais ghinearálta 0,1 % de OTI ann in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an mbarrachas in 2025 tionchar na mbeart beartais fhioscaigh a mheastar a mhéadóidh an caiteachas, go háirithe pá poiblí agus aistrithe sóisialta, agus a laghdóidh an t-ioncam a eascróidh as an nuashonrú ar an scéim cánach ioncaim phearsanta don aos óg agus ar dhreasachtaí cánach ioncaim corparáide. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 6,1 % in 2025. Is é is cúis leis na réamh-mheastacháin níos airde sin maidir le fás glanchaiteachais ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn caiteachas measta níos ísle an Choimisiúin arna chistiú le haistrithe ón Aontas agus an neamh-aicmiú mar chinneadh aonuaire ón gcúirt atá fós le teacht. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnaitheach faoi 1,4 % de OTI in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú go 91,7 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2025 an difreálach fáis rátaí úis fabhrach, in éineacht le príomhbharrachas réamh-mheasta.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas 1,5 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,7 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Portaingéile.

(17) D'fhan caiteachas cosanta rialtais ghinearálta sa Phortaingéil cobhsaí ag 0,8 % de OTI idir 2021 agus 2023[13]. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfanfaidh an caiteachas cosanta cobhsaí ag 0,8 % de OTI in 2024 agus 2025. Comhfhreagraíonn sé sin d'athrú ar bith i gcomparáid le 2021. Leis an tréimhse ina ngníomhachtaítear an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), cuirtear ar a cumas don Phortaingéil tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfeadh caiteachas cosanta atá níos airde go marthanach an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma.

(18) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Phortaingéil faoi 6,1 % in 2025 agus gur fás carnach 18,8 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na Portaingéile in 2025 os cionn an uasráta fáis a moltar, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall[14] 0,4 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a moltar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,5 % de OTI. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta

---

13 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

14 Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.

á cur san áireamh, tá diall carnach glanchaiteachais fós cobhsaí ag 0,5 % de OTI, agus faoi bhun na tairsí 0,6 % de OTI don diall carnach.

(19) Thairis sin, mhol an Chomhairle freisin go ndéanfadh an Phortaingéil na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála a fhoirceannadh roimh shéasúr téimh 2024/2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, cé go meastar gurb é 0,3 % de OTI a bheidh i nglanchostas buiséadach[15] na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2024, réamh-mheastar go laghdóidh sé go 0,1 % in 2025. Ní raibh na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála foirceanta ach go páirteach roimh shéasúr téimh 2024/2025. Níl sé sin i gcomhréir go hiomlán leis an méid a mhol an Chomhairle.

(20) Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 0,6 % de OTI in 2026. Den chuid is mó, léiríonn an t-athrú ar chomhardú rialtais ghinearálta in 2026 tionchar an laghdaithe ar an ráta cánach ioncaim chorparáidigh mar a shainmhínítear i nDlí Buiséid an Stáit 2025, agus an méadú ar infheistíocht phoiblí a mhaoinítear le hiasachtaí STA. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 6,3 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnaitheach faoi 1,2 % de OTI in 2026. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh laghdú go 89,7 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2026 an difreálach ráta fáis fhabhrach úis leanúnach, in éineacht le príomhbharrachas réamh-mheasta.

**Príomhdhúshláin bheartais**

(21) Cuireann aosú an daonra in éineacht le daonra atá in aois oibre atá ag laghdú inbhuanaitheacht chóras pinsean na Portaingéile 'íoc-mar-a-úsáidtear' faoi bhrú. Cé go meastar go dtiocfaidh méadú ar chaiteachas poiblí pinsean, beidh níos lú ranníocóirí sa chóras. Meastar go mbainfidh an caiteachas poiblí pinsean buaicphointe amach in 2046 (15,2 % de OTI), rud a fhágfaidh go mbeidh an Phortaingéil i measc na dtrí Bhallstát is mó a bhfuil an cóimheas caiteachais pinsean-OTI is airde acu[16]. Mar sin féin, má tá beagnach beirt ranníocóirí in aghaidh an phinsinéara ann in 2025, táthar ag súil nach mbeidh ach aon ranníocóir amháin ann in 2046. Ba ghá an t-easnamh ina dhiaidh sin laistigh de chomhardú an chórais pinsean phoiblí a chumhdach le hacmhainní náisiúnta trí bhíthin aistrithe ón mbuiséad náisiúnta nó ó chúlchiste na Portaingéile le haghaidh scéimeanna pinsean poiblí (ar a dtugtar *Fundo de Estabilização Financeira da Segurança Social*). Tá tionchar ag aosú an daonra ar airgeadas poiblí na Portaingéile, ní hamháin trína thionchar ar an gcóras pinsean poiblí ach trína thionchar ar an gcóras cánach freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh líon níos ísle daoine atá in aois oibre an t-ioncam ó chánachas saothair a laghdú. Le blianta beaga anuas, tá athchóirithe curtha chun feidhme ag an bPortaingéil chun inbhuanaitheacht a córais pinsean a fheabhsú, mar shampla, tríd an aois scoir reachtúil a innéacsú le

---

15 Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

16 An Coimisiún Eorpach 2024, Tuarascáil ar an Aosú: Réamh-mheastacháin Eacnamaíocha agus Bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2022-2070), Páipéar Institiúideach 279, Aibreán 2024.

hionchas saoil. Mar sin féin, cuireann beartais amhail scéimeanna luathscoir agus rátaí ranníocacha speisialta brú ar chóras pinsean poiblí na tíre, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a inbhuanaitheacht.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Portaingéile leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Phortaingéil dlús a chur le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí a chur chun feidhme trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha. An 13 Bealtaine 2025, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena leasaítear an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile chun imthosca oibiachtúla a chur san áireamh lena gcuirtear cur chun feidhme tráthúil roinnt infheistíochtaí i mbaol. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann maidir le hacmhainneacht riaracháin, rialacha soláthair phoiblí agus nósanna imeachta fada ceadaithe a dhéanann difear, go háirithe, do thionscadail mhóra infheistíochta. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil tráthúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(23) Sa Phortaingéil, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Phortaingéil ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an bPortaingéil, iad sin a bhaineann le borradh a chur faoin iomaíochas ina measc, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí criticiúla, ganntanais agus neamhréireanna scileanna a fhorbairt nó a mhonarú, athléimneacht uisce a mhéadú, go háirithe in Algarve agus in Alentejo agus inacmhainneacht agus infhaighteacht tithíochta. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an bPortaingéil – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025[17], cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leis freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme

[17] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final

clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh.

(24) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D’fhéadfadh an Phortaingéil na tionscnaimh sin a úsáid chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá roinnt dúshlán breise le sárú ag an bPortaingéil i ndáil leis na nithe seo a leanas: i) inbhuanaitheacht a córais pinsean, ii) simpliú, iii) timpeallacht ghnó, iv) taighde agus nuálaíocht, v) rochtain ar mhaoiniú agus ar mhaoiniú fáis, vi) riarachán cánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, vii) cáilíocht na reachtóireachta, viii) iompar, ix) fuinneamh in-athnuaite, x) bonneagar agus líonraí fuinnimh, xi) éifeachtúlacht fuinnimh, xii) beartas comhshaoil, xiii) bainistiú acmhainní, xiv) tithíocht, xv) scileanna, xvi) poist ardcháilíochta agus xvii) cothroime shóisialta.

(26) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: faoi 25 % ar a laghad agus faoi 35 % ar a laghad i gcás FBManna; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don Phortaingéil beart a dhéanamh freisin. Measann 51 % de ghnólachtaí gur fadhb í castacht na nósanna imeachta riaracháin dá gcuideachta agus iad i mbun gnó sa Phortaingéil[18]. D’ainneoin an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas, tá ualaí riaracháin agus rialála fós ina srian mór ar ghnólachtaí a oibriú sa Phortaingéil. Tuairiscíonn os cionn 83 % de ghnólachtaí na Portaingéile go bhfuil rialáil gnó ina bac ar infheistíocht, i gcomparáid le 66 % san Aontas. Thairis sin, sa mheasúnú ar tháscairí ECFE maidir le rialáil an mhargaidh táirgí le haghaidh 2023 agus 2024, aicmítear an Phortaingéil mar an naoú tír is measa feidhmíochta as 38 dtír ECFE. Cuireann na bacainní sin isteach ar tharraingteacht mhargaí na Portaingéile, laghdaíonn siad an iomaíocht agus baineann siad an bonn d’acmhainneacht ghnólachtaí na Portaingéile leathnú, nuáil agus borradh a chur faoina dtáirgiúlacht. Go háirithe, leanann gnólachtaí de nósanna imeachta fada maidir le ceadúnú tionsclaíoch agus ceadú a thuairisciú, nósanna imeachta a mheasann siad a bheith ina mbac mór ar infheistíocht. D’ainneoin roinnt dul chun cinn a rinneadh chun na próisis sin a ghiorrú agus a chuíchóiriú, tá deacrachtaí ag údaráis áitiúla na nósanna imeachta nua a chur chun feidhme, agus is féidir le cleachtais a bheith an-éagsúil ar fud na réigiún agus na mbardas. Tá bacainní fós ann maidir le rochtain ar roinnt seirbhísí miondíola agus gairmiúla, d’ainneoin roinnt céimeanna suntasacha chun cinn

[18] ‘Dearcadh gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas’, Flaistuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024).

a rinne an Phortaingéil, mar shampla trí athbhreithniú a dhéanamh ar na córais dlí le haghaidh roinnt gairmeacha féinrialaithe idir 2023 agus 2024.

(27) Tá feabhas ag teacht ar na coinníollacha do ghnólachtaí atá ag iarraidh rochtain a fháil ar mhaoiniú le blianta beaga anuas agus tá sciar na ngnólachtaí a thuairiscíonn rochtain ar mhaoiniú mar shrian ar infheistíocht i gcomhréir, a bheag nó a mhór, le meán an Aontais. Mar sin féin, braitheann gnólachtaí na Portaingéile go príomha ar iasachtaí bainc agus ar chistiú inmheánach. Le blianta beaga anuas, glacadh níos mó agus níos mó foinsí eile maoinithe, amhail caipiteal fiontair agus cothromais, ach níl siad chomh coitianta céanna le meán an Aontais. Tá margaí caipitil na Portaingéile fós tearcfhorbartha, agus níl iontu ach 24,4 % de OTI, i gcomparáid le 67,6 % ar an meán ar leibhéal an Aontais. Sheol agus neartaigh údaráis na Portaingéile roinnt tionscnamh chun tacú le hinfheistíocht i gcothromas príobháideach agus i gcaipiteal fiontair, amhail an ciste caipitlithe agus athléimneachta arna bhainistiú ag *Banco Português de Fomento*, cláir lena dtacaítear le gnólachtaí nuathionscanta nó lena ndírítear ar earnálacha sonracha, chomh maith leis an athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar chód na margaí caipitil. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn chun go bhféadfaidh an Phortaingéil breith suas le piaraí Eorpacha agus níos mó infheisteoirí cothromais phríobháidigh agus infheistíochtaí a mhealladh, lena bhféadfaí comhroinnt riosca phoiblí-phríobháideach a áireamh, chun díriú ar ghnólachtaí a bhfuil acmhainneacht fáis níos airde acu agus ar earnálacha a bhfuil próifílí láidre táirgiúlachta acu. Dá mbainfí úsáid níos forleithne as ionstraimí cothromais, i measc nithe eile, thacófaí le gnólachtaí nuathionscanta agus leis an nuálaíocht, mhéadófaí cumas gnólachtaí áitiúla a n-oibriú gnó a mhéadú agus a leathnú, chuirfí feabhas ar chleachtais bhainistíochta agus chuirfí borradh faoin táirgiúlacht. Tá litearthacht airgeadais sa Phortaingéil lag agus, i suirbhé Eorabharaiméadair 2023 ar litearthacht airgeadais, ní bhfuair ach 16 % de mhuintir na Portaingéile scór 'ard', an dara toradh is measa san Aontas. D'fhéadfaí litearthacht airgeadais sa tír a fheabhsú chun leithdháileadh níos éifeachtaí coigiltis a chumasú agus chun feabhas a chur ar thuiscint gnólachtaí ar na tairbhí agus na rioscaí sonracha a bhaineann le gach ionstraim maoiniúcháin atá ar fáil.

(28) Tá caiteachas cánach forleathan i gcóras cánach na Portaingéile. Tá níos mó ná 500 caiteachas cánach ann thar roinnt téacsanna dlí éagsúla. Is féidir leis an ionstraim sin a bheith ina huirlis éifeachtach chun cuspóirí sonracha beartais a bhaint amach. Mar sin féin, bíonn ioncam tarscaoilte mar thoradh air freisin, cuireann sé le castacht an chórais cánach agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige ar neamhionannas ioncaim. Ghlac an Phortaingéil an chéad chéim chun dul i ngleic lena líon mór caiteachas cánach trí aonad nua beartais cánach a bhunú (ar a dtugtar U-TAX) arb é is aidhm dó faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chaiteachas cánach. Cuireann dearadh na cánach corparáide le castacht an chórais cánach. Tá a struchtúr rátaí comhdhéanta de cháin stáit agus forchánach bardasach araon. Braitheann an cháin stáit ar mhéid bhrabúis inchánach gach gnólachta. Anuas air sin, is féidir le bardais forcháin suas le 1,5 % a shocrú. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh ráta reachtúil na cánach corparáide a bheith idir 12,5 % agus 30,5 %, ag brath ar mhéid agus suíomh gnólachta. D'fhéadfadh an dearadh sin gnólachtaí a dhídhreasú ó uas-scálú, rud a chuirfeadh bac ar bharainneachtaí scála níos mó agus ar ghnóthachain éifeachtúlachta ghaolmhara, agus ag an am céanna an raon feidhme maidir le haistriú brabúis laistigh den tír a mhéadú. Maidir leis an riarachán cánach, tá riaráistí cánach na Portaingéile i gcoibhneas le OTI fós ar cheann de na riaráistí is airde san Aontas.

(29) Tá an córas ceartais ag éirí níos éifeachtúla ach tá dúshláin fós le sárú aige, cuir i gcás imeachtaí fada agus riaráiste suntasach cásanna, go háirithe sna cúirteanna riaracháin

agus cánach. Beidh sé tábhachtach don Phortaingéil leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le riaráiste na gcásanna atá ar feitheamh a laghdú, chomh maith lena bhfad, sna cúirteanna céadchéime agus dara céime araon, agus a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ar fáil don chóras ceartais.

(30) Tá méadú tagtha ar an infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt le blianta beaga anuas ach ní leor é fós chun go mbeidh córas náisiúnta taighde agus nuálaíochta na Portaingéile in ann teacht suas le meán an Aontais. Tháinig méadú ar sciar an chaiteachais ar thaighde agus forbairt i ndáil le OTI go 1,7 % in 2024, le tacaíocht ó mhéadú ar chaiteachas príobháideach, agus d'fhan déine an taighde agus na forbartha poiblí cobhsaí ag 0,6 %. Tá raon leathan clár curtha chun feidhme ag údaráis na Portaingéile chun tacú le taighde agus nuálaíocht. Mar sin féin, ní chuirfear roinnt acu, cuir i gcás an clár oibre maidir le slógadh agus an clár oibre glas, i gcrích go dtí na blianta beaga amach romhainn. Cé go bhfuiltear ag súil le tairbhí fadtréimhseacha ó na cláir sin, beidh sé ríthábhachtach don Phortaingéil dreasachtaí leordhóthanacha a chothú chun taighde, forbairt agus nuálaíocht a dhéanamh lasmuigh de na cláir sin. Chuige sin, beidh sé ríthábhachtach beartais fhónta a mheas agus a chur chun feidhme agus tacú le caiteachas éifeachtúil trí dhíriú ar earnálacha ina bhfuil an acmhainneacht is airde ó thaobh fáis agus breisluacha de.

(31) Maidir le cáilíocht na reachtóireachta, níl ach úsáid theoranta á baint ag an bPortaingéil as measúnuithe tionchair agus as meastóireachtaí beartais *ex post*. In 2021, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le meastóireachtaí beartais *ex ante* a chur chun feidhme sa Phortaingéil, trí PlanAPP a bhunú, comhlacht náisiúnta chun tacú le beartais phoiblí a fhorbairt. Mar sin féin, níl measúnuithe tionchair *ex post* coitianta agus tá siad teoranta do ghníomhartha reachtacha ar leith. Dá mbainfí úsáid níos leithne as meastóireachtaí *ex post*, bheadh na húdaráis in ann tionchar na mbeartas agus na reachtaíochta nua a thomhas ar bhealach níos fearr, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na meastóireachtaí *ex ante* atá i bhfeidhm cheana féin. D'fhéadfaí trédhearcacht rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas reachtach a fheabhsú freisin.

(32) Tá an Phortaingéil fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise allmhairithe, agus comhfhreagraíonn ola agus gás do 47,2 % agus 16,8 % faoi seach dá meascán fuinnimh in 2023. Is san earnáil iompair atá an sciar is mó den tomhaltas fuinnimh deiridh, arb ionann é agus 37,5 % den iomlán. Tá earnáil an iompair ag brath go mór ar tháirgí ola agus peitriliam, arb ionann iad agus 92 % dá tomhaltas deiridh fuinnimh, rud a léiríonn spleáchas suntasach na tíre ar bhreoslaí iontaise. Tá fóirdheontais breosla iontaise ábhartha nach beag ag an bPortaingéil nach bhfuil sé beartaithe aici deireadh a chur leo de réir a chéile roimh 2030. Go háirithe, maidir le fóirdheontais breosla iontaise nach dtugann aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe ná nach bhfreagraíonn ar fhíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d'fhéadfaí é a mheas mar thosaíocht deireadh a chur leo de réir a chéile. Sa Phortaingéil, tá fóirdheontais breosla iontaise amhail laghduithe cánach agus díolúintí le haghaidh díosal do chuideachtaí lasta agus don iompar poiblí neamhéifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de, buanaíonn siad spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus dídhreasaíonn siad an t-aistriú chuig feithiclí leictreacha agus réitigh inbhuanaithe eile. Dá ndéanfaí infheistíocht i soghluaisteacht inbhuanaithe agus i mbonneagar iarnróid lena n-áirithítear comhtháthú rianúil le gréasán an Aontais, chuirfí dlús leis an dícharbónú, chothófaí athléimneacht, laghdófaí éagothromaíochtaí réigiúnacha, agus chothófaí comhtháthú sóisialta.

(33) Tá reachtaíocht á glacadh ag an bPortaingéil chun nósanna imeachta ceadaithe a éascú. Mar sin féin, tá an reachtaíocht fós róchasta, go háirithe maidir le pleanáil spásúlachta ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus tá easpa rialacha caighdeánaithe agus treoirlínte soiléire ann. Níl na huirlisí ag údaráis phoiblí na Portaingéile chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta agus chun dul chun cinn gléasraí fuinnimh in-athnuaite a rianú agus is minic nach mbíonn na scileanna teicniúla is gá acu chun meastóireacht a dhéanamh ar na tionscadail. Tá líon na bpobal fuinnimh in-athnuaite fós íseal sa Phortaingéil, agus tá scóip ann maidir lena gceadúnú a éascú agus scéimeanna dreasachtaí a chruthú. Chun dlús a chur le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, d'fhéadfadh an Phortaingéil leanúint d'obair leantach a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinne sí le blianta beaga anuas maidir lena próiseas ceadaithe a chuíchóiriú, lena n-áirítear trí acmhainneacht an riaracháin phoiblí a bhíonn ag déileáil le ceadú a mhéadú, digitiú i dtáirgeadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú agus an creat rialála foriomlán a chomhdhlúthú. Bheadh tairbhí ag baint le gníomhaíocht bhreise chun an féintomhaltas a chur chun cinn (lena n-áirítear grianfhuinneamh dín) agus pobail fuinnimh in-athnuaite freisin. In 2023, tháinig 87,7 %, leibhéil nár baineadh amach riamh roimhe sin, de leictreachas na Portaingéile ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, a bhuí le hidreachumhacht agus gaoithe láidre den chuid is mó. Ba é an grianfhuinneamh an fhoinse in-athnuaite ba mhó a tháinig méadú uirthi, ba é sin 36 %. Bhí ról ag an ardú sin sa scair den fhuinneamh in-athnuaite sa laghdú suntasach i bpraghsanna leictreachais, a thit faoi bhun na leibhéal réamh-ghéarchéime. Ós rud é go bhfuil níos mó foinsí in-athnuaite fuinnimh comhtháite, agus de réir mar a thagann níos mó éilimh ar an leictriú, beidh sé fíor-riachtanach tuilleadh infheistíochtaí a dhéanamh chun an eangach leictreachais a leathnú agus a uasghrádú, réitigh saor ó iontaise a chur chun cinn amhail stóráil agus freagairt don éileamh, agus an eangach a dhigitiú a thuilleadh chun cothromaíocht na heangaí leictreachais a chosaint agus chun níos mó cobhsaíochta a áirithiú sa mhargadh mórdhíola leictreachais. Mar gheall ar an easpa trédhearcachta maidir le hacmhainneacht na heangaí dáileacháin atá ar fáil agus pleananna leathnaithe, tá sé deacair d'fhorbróirí tionscadail nua a phleanáil agus infheistíocht a dhéanamh iontu. Tá sé ríthábhachtach nósanna imeachta nasctha a chuíchóiriú, nascadh leis an eangach a dhéanamh níos trédhearcaí, agus creat pleanála ceantanna soiléir fadtéarmach a sholáthar. Thairis sin, cuireadh bac ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite mar gheall ar dhúshláin lóistíochta, ganntanas comhpháirteanna agus brabúsacht níos ísle, rud a chruthaíonn moilleanna ar an gcur chun feidhme. Chuideodh dreasachtaí chun conarthaí fadtéarmacha amhail comhaontuithe ceannaigh cumhachta (PPAnna) a fhorbairt a thuilleadh freisin leis an margadh a dhéanamh níos cobhsaí trí inbhuanaitheacht fhadtéarmach a mhéadú agus, dá bhrí sin, trí tharraingteacht infheistíochtaí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú. Mar sin féin, tá PPAnna in-athnuaite teoranta sa Phortaingéil faoi láthair, agus tá 0,42 GW ar conradh. D'ainneoin iarrachtaí a rinne an Phortaingéil chun leibhéal an idirnaisc leictreachais leis an Spáinn a mhéadú, tá an leibhéal idirnaisc leictreachais sin fós faoi bhun spriocanna 2030.

(34) Baineann bochtaineacht fuinnimh le sciar ard de dhaonra na Portaingéile. Chun aghaidh a thabhairt ar an leibhéal ard spleáchais ar bhreoslaí iontaise i bhfoirgnimh agus chun tomhaltas fuinnimh a laghdú, d'fhéadfadh an Phortaingéil dlús a chur lena hiarrachtaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh sa bhreis ar an méid a leagtar amach ina plean téarnaimh agus athléimneachta. Dá gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun athchóirithe doimhne a dhreasú, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil a chur ar fáil d'iarratasóirí, d'fhéadfaí dlús a chur le glacadh tionscadal athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Phortaingéil tairbhe a bhaint as creat

neartaithe le haghaidh scéimeanna airgeadais chun an úsáid is fearr a bhaint as infheistíocht phríobháideach le haghaidh athchóiriú fuinneamhéifeachtúil. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh an Phortaingéil níos mó acmhainní deontasbhunaithe a dhíriú ar theaghlaigh atá i ngátar.

(35) Tá an Phortaingéil i bhfad faoi bhun mheán an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach, chomh maith le spriocanna le haghaidh táirgiúlacht acmhainní i dtionscail agus táscairí bainistithe dramhaíola, agus tá difríochtaí suntasacha réigiúnacha ann. Tá an meánráta athchúrsála bardasach an-íseal (30,1 % in 2023, i bhfad ó sprioc an Aontais de 55 % faoi 2025) agus bíonn éagsúlachtaí ann ó réigiún go réigiún. Bhí ráta 2,8 % in 2023 ag úsáid chiorclach ábhar na Portaingéile, ráta a bhí go mór faoi bhun mheán an Aontais de 11.8 %. Rinneadh roinnt dul chun cinn trí thionscnaimh agus rialacháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal bardasach araon. Beidh tacaíocht ó chistí an Aontais agus ón earnáil phríobháideach ríthábhachtach chun spriocanna athchúrsála agus spriocanna an gheilleagair chiorclaigh a bhaint amach, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas: i) infheistíocht i mbonneagar le haghaidh bailiú dramhaíola ar leithligh, ii) saoráidí cóireála dramhaíola a fhorbairt nó a oiriúnú, agus iii) uasghráduithe teicneolaíochta chun an scéim taraife 'íoc mar a chaitear' a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

(36) Tá an Phortaingéil, go háirithe réigiúin an Deiscirt, faoi mhórthionchar ag guaiseacha nádúrtha, mar shampla, triomaigh, tinte agus tuilte, guaiseacha a bhfuil méadú tagtha ar a minicíocht agus a ndéine mar gheall ar an athrú aeráide. Tá báisteach bhliantúil laghdaithe, ganntanas uisce agus tuilleadh inathraitheachta ó thaobh ama de ag cur isteach ar shreabhadh na n-aibhneacha, ar athluchtú uiscíoch agus ar an riosca tuilte, rud a bhfuil tionchar aige ar go leor earnálacha eacnamaíocha, mar shampla, an talmhaíocht, táirgeadh uisce óil agus fuinneamh, lena n-áirítear giniúint hidreachumhachta, agus ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí freisin. Chuir an Phortaingéil lena hacmhainneacht oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear trí phleananna oiriúnaithe earnála a fhorbairt. In 2024, chuir an Phortaingéil bailchríoch ar threochlár náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide go dtí 2100, ach bheadh sé tábhachtach an t-oiriúnú don athrú aeráide a ionchorprú a thuilleadh i mbeartais bainistithe uisce. Trí straitéis chomhtháite agus inbhuanaithe um bainistiú uisce a chur chun feidhme, lena n-áirítear an straitéis le déanaí 'Water that Unites', d'fhéadfadh an Phortaingéil a áirithiú go mbeidh rochtain fós ag príomhearnálacha ar uisce, agus ag an am céanna uisce leordhóthanach ar ardchaighdeán a áirithiú le haghaidh feidhmeanna éiceolaíocha, go háirithe le haghaidh éiceachórais íogaire agus bhithéagsúla, amhail bogaigh. Chuideofaí le comhordú éifeachtach a bhaint amach idir an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil trí struchtúr rialachais earnáil an uisce a chuíchóiriú. Chun feabhas a chur ar bhainistiú uisce, tá sé ríthábhachtach tuilleadh infheistíochtaí a dhéanamh i mbailiú agus i gcóireáil fuíolluisce, sceitheadh uisce sa líonra a laghdú agus monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar cháilíocht agus ar chaighdeán uisce. D'fhéadfaí aird ar leith a thabhairt ar an méid seo a leanas: i) feidhm spúinse nádúrtha an tírdhreacha a athbhunú; ii) baint screamhuisce a laghdú; iii) bogaigh agus aibhneacha, lena n-áirítear tuilemhánna, a athchóiriú; agus iv) réitigh dhúlrabhunaithe eile a chur i bhfeidhm. Thairis sin, d'fhéadfadh an Phortaingéil leas a bhaint as féidearthachtaí i ndáil le hathúsáid uisce.

(37) Tá dúshláin fós le sárú ag an bPortaingéil maidir le rochtain ar chúram sláinte agus níl a córas cúraim fhadtéarmaigh ullmhaithe do dhaonra atá ag dul in aois go tapa. Ar an iomlán, éiríonn go maith le córas sláinte na tíre, agus tá athchóirithe suntasacha á gcur chun feidhme ag an bPortaingéil, lena n-áirítear athchóirithe ar chúram sláinte

príomhúil agus ar chúram meabhairshláinte, chomh maith le hathchóiriú ar shamhail rialachais ospidéil na Seirbhíse Sláinte Náisiúnta. Tá infheistíocht á déanamh ag an bPortaingéil freisin i mbonneagar agus i seirbhísí cúraim sláinte ar fud na tíre, lena n-áirítear faoina plean téarnaimh agus athléimneachta. Mar sin féin, tá ganntanais mhóra oibrithe cúraim sláinte fós le sárú ag an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte, rud a bhfuil tionchar aige ar inrochtaineacht ar sheirbhísí cúraim sláinte, mar shampla, amanna feithimh fada agus rochtain mhíchothrom idir grúpaí ioncaim agus idir réigiúin ar fud na tíre. Idir 2020 agus 2024, níor líonadh ach thart ar leath de na poist a osclaíodh chun dochtúirí a earcú don tSeirbhís Náisiúnta Sláinte agus tá líon suntasach eisimirce roimh an tír i measc a haltraí céimithe. D'ainneoin roinnt iarrachtaí a rinneadh le blianta beaga anuas chun tarraingteacht gairmeacha sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte a chur chun cinn, tá deis ann nósanna imeachta earcaíochta a shimpliú agus dlús a chur leo chun na gairmithe is gá a fhostú go pras agus chun leanúint d'oibrithe cúraim sláinte a mhealladh. Ina theannta sin, tá beagnach an ceathrú cuid de dhaonra na Portaingéile 65 bliana d'aois nó os a chionn, le scór níos ísle ná meán an Aontais ar bhlianta dea-shláinte, agus tá infheistíocht phoiblí i gcúram fadtéarmach níos ísle ná meán an Aontais, agus tá rátaí cumhdaigh i gcúram fadtéarmach fós íseal ar fud na réigiún uile. D'ainneoin méadú le blianta beaga anuas, ní leor an lucht saothair chun coinneáil suas leis an éileamh, rud a fhágann go bhfuiltear ag brath go mór ar chúramóirí neamhfhoirmiúla. Trí aghaidh a thabhairt ar na rudaí sin, agus inbhuanaitheacht na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte á caomhnú ag an am céanna, d'fhéadfadh an Phortaingéil níos mó blianta de shaol ardcháilíochta a chur chun cinn dá daonra agus a áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais chúraim daoine scothaosta.

(38) Tá mímheaitseáil scileanna ina mbac ar iomaíochas agus ar tháirgiúlacht. Níl an soláthar scileanna ag teacht le riachtanais an mhargaidh, rud a chuireann le ganntanais saothair in earnálacha, lena n-áirítear i réimsí na faisnéise agus na teicneolaíochta. Tuairiscíonn cuideachtaí gur bac mór í infhaighteacht íseal foirne a bhfuil na scileanna cearta acu. Cuireann na neamhréireanna sin le leibhéil arda dífhostaíochta i measc na n-óg freisin (21,6 % in 2024, i gcomparáid le 14,9 % san Aontas), agus tá cáilíochtaí atá ró-íseal nó cáilíochtaí i réimsí ina bhfuil infhostaitheacht íseal sa tír ag go leor daoine óga atá dífhostaithe. D'fhéadfadh an Phortaingéil tairbhe a bhaint freisin as réamhaisnéis iontaofa ar riachtanais an mhargaidh amach anseo a d'fhéadfadh cuidiú le hailíniú níos fearr idir an tairiscint ardoideachais agus an margadh, chomh maith le bonn eolais a chur faoi roghanna gairme. Ina theannta sin, cuirtear bac breise ar fhorbairt na scileanna is gá le haghaidh geilleagar atá ag athrú mar gheall ar an meath atá ag teacht ar rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ar feadh an tsaoil (ó 38 % in 2016 go 33 % in 2022). D'ainneoin bearta a rinneadh le déanaí lena spreagtar daoine fásta chun clárú san fhoghlaim agus san oiliúint, lena n-áirítear infheistíochtaí faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile, tá deis ag gnólachtaí agus cuideachtaí dul i mbun gníomhaíochtaí oiliúna agus uas-scilithe agus cultúr na foghlama aosaí a chur chun cinn sa tír. Thairis sin, tá leibhéil ísle cáilíochtaí fós ag daonra na Portaingéile go ginearálta (in 2023, bhí leibhéal íseal gnóthachtála oideachais ag thart ar 41 % de dhaoine idir 25 agus 64 bliana d'aois, i bhfad os cionn mheán an Aontais de 24,7 %), rud atá ina bhac ainsealach ar tháirgiúlacht sa tír. Le blianta beaga anuas, áfach, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le leibhéil cháilíochta an daonra a mhéadú. Chun an dul chun cinn sin a choinneáil ar bun, d'fhéadfadh an tír tairbhe a bhaint as aghaidh a thabhairt ar sciar méadaithe na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint le blianta beaga anuas (ó 6 % in 2021 go 8,1 % in 2023).

(39) Tá praghsanna tithe sa Phortaingéil ag ardú go comhsheasmhach, agus tá an méadú sin níos mó ná meánmhéadú an Aontais le deich mbliana anuas. Den chuid is mó, tá an t-éileamh ard i gcathracha móra agus i limistéir turasóireachta a bhfuil tóir orthu tar éis méaduithe ar phraghsanna agus ar chíosanna a spreagadh, agus tá difríochtaí móra ann i gcomparáid leis na réigiúin inmheánacha. Bíonn tionchar ag an staid sin ar shoghluaisteacht agus infhaighteacht an lucht saothair, rud a dhéanann difear d'ionchais daoine óga freisin. Mar thoradh ar an easpa tithíochta inacmhainne, tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá gan dídean nó atá ina gcónaí i lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla. Tá bearta á gcur chun feidhme ag an bPortaingéil chun a stoc tithíochta sóisialta agus inacmhainne a leathnú, ach tá ganntanais shuntasacha fós ann. Ag an am céanna, chuir rátaí tógála atá íseal i gcónaí le blianta beaga anuas srian ar sholáthar tithe nua ar phraghsanna inacmhainne. Is deis é stoc mór tithe folmha agus foirgnimh thréigthe – thart ar 700 000 – chun níos mó tithíochta a ionchorprú sa mhargadh, go háirithe i limistéir shrianta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Phortaingéil tairbhe a bhaint as réitigh iompair phoiblí níos éifeachtúla a chur chun cinn agus as infheistíocht a dhéanamh i dtarraingteacht críoch eile chun an brú ar limistéir shrianta a laghdú. I ndeireadh na dála, beidh gá le cur chuige cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin tithíochta na Portaingéile, ós rud é go mbeidh réitigh atá dírithe ar an ngá atá le soláthar a mhéadú fite fuaite le bearta lena gcomhtháthaítear dinimic ar thaobh an éilimh agus dreasachtaí sna margaí cíosa agus úinéireachta araon.

(40) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Portaingéile, cuidíonn moltaí (2), (3), (4) agus (5) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (3), (4) agus (5) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moltaí (1) agus (5) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Phortaingéil in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta a threisiú i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint as an liúntas faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta níos airde. Gníomhaíocht a dhéanamh chun inbhuanaitheacht fhioscach an chórais pinsean a áirithiú sa mheántéarma.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, dlús a chur le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+, CC), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, an raon feidhme a chuirtear ar fáil le InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú, go príomha trí bhacainní ar cheadúnú tionsclaíoch a laghdú agus deireadh a chur le bacainní eile ar a n-acmhainneacht uas-scálú agus borradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin táirgiúlacht. Infheistíocht phríobháideach i gcaipiteal fiontair agus i gcothromas príobháideach a chothú do ghnólachtaí áitiúla, lena n-áirítear comhroinnt riosca phoiblí-phríobháideach, agus litearthacht airgeadais a fheabhsú. Éifeachtúlacht na gcúirteanna riaracháin agus cánach a mhéadú, chun fad na n-imeachtaí a laghdú. Éifeachtacht an chórais cánach a fheabhsú, go háirithe trí éifeachtúlacht riarachán an chórais a fheabhsú agus an t-ualach rialála lena mbaineann a laghdú. Ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise a chothú, lena n-áirítear trí mheastóireachtaí beartais phoiblí *ex post* a dhéanamh. Fócas an bheartais eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar thaighde agus ar nuálaíocht a choinneáil ar bun. Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a neartú agus trédhearcacht a mhéadú in ullmhú na mbeartas poiblí.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise in earnáil an iompair a laghdú go háirithe trí dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise, agus trí infheistíocht a dhéanamh in iompar inbhuanaithe, go háirithe san iompar d’iarnród, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh. Dlús breise a chur le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh trí chreat rialála intuartha a chur ar fáil lena ngabhann nósanna imeachta soiléire agus digiteacha maidir le ceadú, lena n-áirítear le haghaidh pobail féintomhaltais chomhchoitinn agus pobail fuinnimh in-athnuaite. Cobhsaíocht sa mhargadh leictreachais a fheabhsú trí chonarthaí fadtéarmacha, infheistíocht in acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus uirlisí freagartha don éileamh. Acmhainneacht na heangaí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a neartú, nósanna imeachta nasctha a fheabhsú agus a dtrédhearcthacht a mhéadú chun infheistíocht sa líonra náisiúnta a spreagadh. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais, go háirithe don riarachán poiblí. Dlús a chur le hinfheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh trí scéimeanna airgeadais a chur chun cinn chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh agus tacú le teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh. Feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh an aistrithe i dtreo geilleagar ciorclach, go háirithe trí chosc dramhaíola, athchúrsáil agus athúsáid a mhéadú, chun dramhaíl líonta talún agus loisceoirí a laghdú. Feabhas a chur ar bhainistiú uisce chun oiriúnú don athrú aeráide a neartú agus athléimneacht fhadtéarmach eacnamaíoch agus chomhshaoil a áirithiú. Straitéis chomhtháite bainistithe uisce a chur chun feidhme agus rialachas uisce a chuíchóiriú. Infheistíochtaí a chur chun cinn i mbailiú agus i gcóireáil fuíolluisce, sceitheadh agus faireachán uisce a laghdú, réitigh dhúlrabhunaithe a fhorbairt, athshlánú dobharlach agus éifeachtúlacht agus athúsáid uisce a fheabhsú.

5. Rochtain chomhionann ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán a áirithiú, agus inbhuanaitheacht na Seirbhíse Sláinte Náisiúnta á caomhnú ag an am céanna. Aghaidh a thabhairt ar neamhréir scileanna trí fheabhas a chur ar leibhéal scileanna an daonra agus tríd an oideachas agus an fhoghlaim aosach a dhéanamh níos ábhartha do riachtanais an mhargaidh saothair. Aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht agus infhaighteacht tithíochta i limistéir ardéilimh, trí dheireadh a chur le bacainní ar thithe folamha a fháil ar cíos agus trí fhoirgnimh thréigthe a athchóiriú agus naisc éifeachtúla iompair phoiblí a chur chun cinn chun an brú ar phraghsanna tithe i lárionaid uirbeacha a laghdú agus tarraingteacht críoch eile a fheabhsú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*